2024/2071

1.8.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2071 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Iúil 2024

lena ndiúltaítear d'údarú Scansmoke PB 1110 (SF-001) a athnuachan mar tháirge príomhúil um blastán deataigh

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C (2024/3700)

(Is é an téacs Gearmáinise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2065/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Samhain 2003 maidir le blastáin deataigh a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid i mbianna nó ar bhianna ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 2065/2003 nach bhféadfar ach blastáin deataigh a áirítear i liosta an Aontais de tháirgí príomhúla um blastán deataigh údaraithe ('liosta an Aontais') a chur ar an margadh laistigh den Aontas, agus iad sin amháin.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1321/2013 ón gCoimisiún ([2]) bunaíodh liosta an Aontais. Áiríodh Scansmoke PB 1110 (SF-001) sa liosta sin agus ba é 1 Eanáir 2024 dáta éaga an údaraithe.

(3) An 30 Meitheamh 2022 chuir an chuideachta proFagus GmbH iarratas isteach chun údarú *Scansmoke* PB 1110 (SF-001) a athnuachan mar tháirge príomhúil um blastán deataigh agus d'iarr sí an t-ainm nua 'proFagus Smoke R714' a thabhairt ar an táirge.

(4) An 28 Meán Fómhair 2023 ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') an tuairim eolaíoch uaidh maidir le sábháilteacht Scansmoke PB 1110 (SF-001) ([3]).

(5) Sa tuairim eolaíoch uaidh, thug an tÚdarás dá aire go bhfuil an tsubstaint fúrán-2(5H)-ón in Scansmoke PB 1110 (SF-001) agus tháinig sé ar an gconclúid gur sainaithníodh cúis imní *in vivo* maidir le géineatocsaineacht na substainte sin nuair a tugadh de bhéal í. I gcomhréir le ráiteas an Údaráis maidir leis an measúnú géineatocsaineachta ar na meascáin cheimiceacha ([4]) agus ós rud é go bhfuil na meastacháin nochta ar an gcomhpháirt sin os cionn thairseach bhaol na tocsaineachta (TTC) de 0,0025 µg/kg bw in aghaidh an lae le haghaidh só-ghineacha ADN-imoibríocha agus/nó carcanaiginí, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur cúis imní maidir le géineatocsaineacht Scansmoke PB 1110 (SF-001). Thairis sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhféadfadh sé gur chúis imní maidir le géineatocsaineacht trí chomhpháirt eile de Scansmoke PB 1110 (SF-001) agus an chuid neamhaitheanta de.

([1]) IO L 309, 26.11.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/2065/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1321/2013 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2013 lena mbunaítear liosta an Aontais de tháirgí príomhúla um blastán deataigh lena n-úsáid sa riocht sin i mbianna agus nó ar bhianna chun blastáin deataigh dhíorthaithe a tháirgeadh (IO L 333, 12.12.2013, lch. 54, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/1321/oj).

([3]) EFSA (2023), Tuairim eolaíoch maidir le húdarú proFagus Smoke R714 (SF-001) a athnuachan mar Tháirge Príomhúil um blastán deataigh, *EFSA Journal* [Iris EFSA], 21(11), https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.8363

([4]) EFSA (2019). *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2019;17(1):5519, 11 lch.https://doi.org/10.2903/j.efsa.2019.5519.

(6) De bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 2065/2003 ní fhéadfar ach blastáin deataigh nach mbaineann riosca sábháilteachta do shláinte an duine leo a údarú agus a chur ar an margadh. Dá bhrí sin, is iomchuí diúltú d'údarú Scansmoke PB 1110 (SF-001) a athnuachan mar tháirge príomhúil um blastán deataigh.

(7) Mar sin féin, chun go bhféadfaidh oibreoirí gnó bia Scansmoke PB 1110 (SF-001) a úsáid mar tháirge príomhúil um blastán deataigh chun bianna a tháirgeadh atá le cur ar an margadh go dtí an 1 Iúil 2029, mar a fhoráiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2067 ([5]) ón gCoimisiún, ba cheart a bheith in ann Scansmoke PB 1110 (SF-001) a chur ar an margadh go dtí an dáta sin.

(8) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Diúltaítear d'údarú Scansmoke PB 1110 (SF-001) a athnuachan mar tháirge príomhúil um blastán deataigh.

Airteagal 2

Féadfar leanúint de Scansmoke PB 1110 (SF-001) a chur ar an margadh go dtí an 1 Iúil 2029.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig proFagus GmbH, Strategic Projects, Uslarer Straße 30, 37194 Bodenfelde, an Ghearmáin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún

([5]) RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2067 an 31 Iúil 2024 ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1321/2013 a mhéid a bhaineann le scriosadh iontrálacha SF-001 go SF-010 ó liosta an Aontais de tháirgí príomhúla um blastán deataigh údaraithe (IO L, 2024/2067, 1.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2067/oj).